Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2020
(OR. en)

9075/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0066 (COD)**

**VOTE 38**
**INF 130**
**PUBLIC 48**
**CODEC 545**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 575/2013 agus (AE) 2019/876 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe áirithe mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19<br>= Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas<br>= Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh i gcrích an 24 Meitheamh 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 18/20

an dáta a ghlac Coreper an cinneadh chun leas a bhaint as an Nós Imeachta i Scríbhinn 24.6.2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

## General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2020/0066 (COD)** (Document: **18/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | REGULATION OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL amending Regulations (EU) No 575/2013 and (EU) 2019/876 as regards certain adjustments in response to the COVID-19 pandemic |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 26 | | 98,77% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 1 | | 1,23% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **24/06/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| BELGIQUE/BELGIË | 2,56 | Yes |
| БЪЛГАРИЯ | 1,56 | Yes |
| CESKÁ REPUBLIKA | 2,35 | Yes |
| DANMARK | 1,30 | Yes |
| DEUTSCHLAND | 18,54 | Yes |
| EESTI | 0,30 | Yes |
| ÉIRE/IRELAND | 1,10 | Yes |
| ΕΛΛΆΔΑ | 2,40 | Yes |
| ESPAÑA | 10,49 | Yes |
| FRANCE | 14,98 | Yes |
| HRVATSKA | 0,91 | Yes |
| ITALIA | 13,65 | Yes |
| ΚΎΠΡΟΣ | 0,20 | Yes |
| LATVIJA | 0,43 | Yes |

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| LIETUVA | 0,62 | Yes |
| LUXEMBOURG | 0,14 | Yes |
| MAGYARORSZÁG | 2,18 | Yes |
| MALTA | 0,11 | Yes |
| NEDERLAND | 3,89 | Yes |
| ÖSTERREICH | 1,98 | Yes |
| POLSKA | 8,49 | Yes |
| PORTUGAL | 2,30 | Yes |
| ROMÂNIA | 4,34 | Yes |
| SLOVENIJA | 0,47 | Yes |
| SLOVENSKO | 1,22 | Yes |
| SUOMI/FINLAND | 1,23 | Abstain |
| SVERIGE | 2,29 | Yes |
| | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

**IARSCRÍBHINN 2**

## Ráiteas ón bhFionlainn

Go hiondúil, is díol sásaimh don Fhionlainn na hiarrachtaí chun faoiseamh sealadach a thabhairt do na bainc chun iasachtú a éascú mar ábhar práinne le linn na paindéime domhanda.

Mar sin féin, tá an Fhionlainn den tuairim nár cheart ach leasuithe sealadacha agus leasuithe atá spriocdhírithe ar thionchair na paindéime a dhéanamh ar an gcreat stuamachta i nós imeachta brostaithe gan measúnú tionchair nó gan am cuí a bheith tugtha do na Parlaimintí náisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar na leasuithe, mar a chumhdaítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis na Conarthaí.

Le tacaíocht ón tromlach cáilithe sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa, cuireann na leasuithe faoiseamh caipitil breise ar fáil do bhainc. Ag an am céanna, cuireann siad leis na rioscaí a eascraíonn as cláir chomhardaithe na mbanc. Is rud é sin a dhéanfaidh an Fhionlainn a mheas agus tuilleadh comhroinnte riosca i gcomhthéacs an Aontais Baincéireachta á phlé aici. Ní fhéadfaidh ach earnáil bhaincéireachta atá sláintiúil cobhsaí leanúint d'iasachtú san fhíorgheilleagar le linn an chor chun donais. Tá imní ar leith ar an bhFionlainn maidir leis na leasuithe lena neartaítear tuilleadh an nasc idir na bainc agus fiachas ceannasach san Eoraip, nuair a ba cheart go deimhin athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar láimhseáil rialála na neamhchosaintí ceannasacha chun a áirithiú go léireofar go ceart sa rialáil stuamachta na rioscaí do na bainc a eascraíonn as na neamhchosaintí sin.

## Ráiteas ón nGréig

Aithníonn an Ghréig a thábhachtaí atá na leasuithe spriocdhírithe ar an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil, agus is díol sásaimh di iad, chun iasachtaí bainc a éascú mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19.

Mar sin féin, is cúis aiféala don Ghréig easpa uaillmhéine an téacs deiridh in dhá phríomhphointe:

a) ní bhaineann an tAontas lánúsáid as an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil ar an leibhéal idirnáisiúnta do shocruithe idirthréimhseacha le haghaidh IFRS9, rud a fhágann nach n-áirithítear cothrom na Féinne ar an leibhéal idirnáisiúnta agus laistigh den Aontas, agus

b) tá tabhairt isteach shealadach na "scagairí stuamachta" róghearr, rud a chuireann teorainn le breisluach na forála sin.